lmetb
Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí
Louth and Meath Education and Training Board

# Plean Seirbhíse 2019

Clár ábhair



| | |
|---|---|
| Boird Oideachais & Oiliúna | 3-4 |
| Brollach ón PF | 5 |
| Ceantair agus suíomhanna | 6-7 |
| geografacha Ráiteas Seirbhísí - | 8 |
| Scoileanna | |
| Ráiteas Seirbhísí - Breisoideachas & Oiliúint lena n-áirítear Seirbhísí Óige | 9 |
| Ráiteas Seirbhísí - Seirbhísí Eagraíochta | 10 |
| Fáltais & caiteachais réamh-mheasta | 11-14 |

## Boird Oideachais & Oiliúna

Is údaráis reachtúla iad BOOnna a bhfuil freagracht orthu as oideachas agus oiliúint, obair don óige agus raon feidhmeanna reachtúla eile. Bainistíonn agus feidhmíonn BOOnna meánscoileanna, coláistí breisoideachais, scoileanna náisiúnta pobail agus raon leathan d’ionaid oiliúna agus breisoideachas d’aosaigh a chuireann cláir oideachais agus oiliúna ar fáil. Is scoileanna náisiúnta, ilchreidmheacha, cuntasacha go poiblí iad Scoileanna Náisiúnta Pobail (SNP) a dhéanann a ndícheall oideachas ardchaighdeáin a sholáthar do gach leanbh Tá feidhmeanna ginearálta an Bhoird Oideachais agus Oiliúna leagtha amach in Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013.

### Struchtúr Geografach

Tá sé BOO déag{16) ar fud na tíre cumraithe mar seo a leanas



**Oideachas Chéad Leibhéal**

Tá BOOnna na pátrúin ainmnithe do roinnt Scoileanna Náisiúnta Pobail. Is scoileanna náisiúnta, ilchreidmheacha, cuntasacha go poiblí iad Scoileanna Náisiúnta Pobail (SNP) a dhéanann a ndícheall oideachas ardchaighdeáin a sholáthar do gach leanbh de réir Churaclam na mBunscoileanna agus na treoirlínte atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.

**Oideachas Dara Leibhéal**

Déanann BOOnna bainistíocht ar aon trian de na scoileanna dara leibhéal uile sa tír - oideachas le haghaidh níos mó ná 100,000 dalta. Feidhmíonn siad beartais rollaithe uilechuimsitheacha agus chomh maith leis sin, freastalaíonn siad ar líon suntasach daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu.

**Breisoideachas & Oiliúint**

Soláthraíonn BOOanna breisoideachas agus oiliúint do níos mó ná 20,000 duine fásta agus duine óg gach bliain. Cuirtear seirbhísí ar fáil trí chláir éagsúla chun freastal ar raon éagsúil riachtanas lena náirítear litearthacht agus uimhearthacht, oiliúint scileanna, printíseacht, Ógtheagmháil, tionscnaimh um Fhilleadh ar Oideachas agus oideachas/oiliúint pobalbhunaithe srl.

**Seirbhísí Óige**

Seachadann agus tacaíonn Seirbhísí Óige raon clár do dhaoine óga.

**Tacaíochtaí Eile**

Comhoibríonn BOOnna chomh maith le gníomhaireachtaí reachtúla eile agus le grúpaí páirtithe leasmhara náisiúnta agus áitiúla chun éagsúlacht de chláir a sheachadadh, a fhreastalaíonn ar riachtanais éagsúla na grúpaí cliant i bpobail áitiúla.

**BOOÉ(Boird Oideachais agus Oiliúna na hÉireann)**

Is é BOOÉ an comhlacht ionadaíoch náisiúnta do bhaill BOOnna agus déanann sé idirbheartaíocht thar ceann earnáil an BOO ag fóraim éagsúla laistigh den earnáil oideachais, sa tseirbhís phoiblí níos leithne agus ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.

## Brollach ón PF



Tá áthas orm, mar Phríomhfheidhmeannach ar BOO Lú agus na Mí, Plean Seirbhíse Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí (BOOLM) 2019 a chur i láthair. Is eagraíocht dinimiciúil fhorásach é BOOLM a fhreagraíonn do riachtanais daonra atá ag dul i méid agus a sholáthraíonn oideachas uilechuimsitheach ar fud chontaetha Lú agus na Mí. Sa chomhthéacs seo soláthraíonn BOOLM, mar an soláthraí oideachais is mó sa réigiún, pátrúnacht ghairmiúil dár Scoileanna agus dár nInstitiúidí Breisoideachais uile.

Rannchuidigh na hathruithe déimeagrafacha agus fás an daonra sa dá chontae i Lú agus sa Mhí le tréimhse an-spreagúil agus dúshlánach do BOOLM. Léirítear na hathruithe seo leis na rolluithe méadaithe agus na scoileanna nua ar cuireadh tús leo agus tionscadail tógála sa dá chontae. Tá an-áthas orainn a bheith mar an chéad rogha pátrún do thuismitheoirí i Lú Thuaidh agus táimid ag tnúth le bheith ag obair le tuismitheoirí agus caomhnóirí, príomhoide agus foireann Scoil Náisiúnta Pobail Fhochairde a leanann uirthi ag fás, ag forbairt agus ag aibiú mar phríomhsholáthraí oideachas bunscoile i gceantar Lú Thuaidh. Tugann an fhorbairt seo deis iontach do phobal Fhochairde agus táimid muiníneach go mbeidh todhchaí an-gheal ag an bpobal in éineacht leis an scoil. Leis an bhfógra a rinne an tAire Oideachais agus Scileanna le déanaí, an tAire Joe McHugh TD, ina ndeimhnítear BOOLM mar phátrún ar Scoil Náisiúnta Pobail Dhún Seachlainn, cuirfear feabhas ar sholáthar oideachais chuimsithigh don cheantar. Táimid ag tnúth go mór le bheith ag obair i gcomhpháirtíocht le pátrúin bhunscoileanna eile d'fhonn freastal ar riachtanais an phobail. Tá áthas ar BOOLM tús a chur leis an bpróiseas chun Príomhoide nua a cheapadh do Scoil Náisiúnta Pobail Dhún Seachlainn agus tá tús curtha anois leis an bpróiseas rollaithe agus tugadh an faisnéis rollaithe do thuismitheoirí.

Tugaim faoi deara ó mo réamhrá anuraidh gur chuir mé in iúl go raibh sé ar intinn agam cead pleanála a fháil do Choláiste O'Carolan An Obair in 2018. Tá áthas orm a dhearbhú gur chomhlíonamar ár gcuspóir ina leith seo agus ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil le Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae na Mí Jackie Maguire Uasal agus a hoifigigh as a dtacaíocht ina leith seo. Chuir mé mo bhuíochas in iúl go poiblí roimhe seo,

chomh maith leis an meas atá ag BOOLM, as an ról a bhí ag Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Lú, Joan Martin, agus as dúthracht a cuid oifigeach maidir le scoil dara leibhéal den scoth a sholáthar do mhíle dalta in aice le hIonad Siopadóireachta Marshes i nDún Dealgan le haghaidh Coláiste Chú Chulainn. Is féidir leis an mBean Uasail Martin, as Dún Dealgan ó dhúchas a bheith bródúil as a rannchuidiú agus is mór againn a gnóthachtáil.

Táimid thar a bheith sásta, tar éis tréimhse dheacair do Scoil Uí Mhuirí, a fhógairt gur ceapadh conraitheoir ionaid agus go bhfuil obair ar bun faoi láthair chun an mórthionscadal síneadh scoile do Phobal Dhún Léire a chur i gcrích.

Táimid ag súil go mbeidh conraitheoir ionaid ar an láithreán go gairid i Ráth Tó agus gabhaimid buíochas leis an bhfoireann deartha as an dul chun cinn go dtí seo maidir le conraitheoir ionaid a shainaithint agus an tionscadal sin a chur ar aghaidh. De réir mar a théann BOOLM isteach i dtréimhse thábhachtach ina bhforbairt sa todhchaí molaim do gach duine súil ghéar a choinneáil ar roinnt fógraí an-tábhachtach a bhfuil súil agam a bheith á ndéanamh le linn 2019 agus de réir mar a fhéachaimid ar aghaidh déanaimid amhlaidh faoi rún agus i gcomhpháirtíocht lenár ionadaithe tofa agus leis na pobail a bhfreastalaímid orthu. Bhí ról ríthábhachtach ag gach ball den Bhord i dtacú le gnóthachtálacha comhchoiteanna BOOLM agus tá sé tábhachtach aitheantas a thabhairt dár rannchuidiú. Táim ag tnúth le go leor deiseanna forbartha tábhachtacha in 2019.

Ar an dea-uair, féadfaimid taitneamh a bhaint as an tacaíocht ó Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Scileanna, an tUasal Seán Ó Foghlú agus a oifigigh, mar aon le tacaíocht ón Uasal Conor Dunne, Príomhfheidhmeannach SOLAS. Lena dtacaíocht uilig, is féidir linn áiseanna oideachais agus oiliúna den scoth a sholáthar dár gcuid daltaí agus foghlaimeoirí uile. Leis an tacaíocht chomhcheangailte seo, leagtar an bunús le haghaidh saoráid nua breisoideachais agus oiliúna do mhíle dalta a fhorbairt ag Dún Búinne agus táimid ag fanacht le cead deiridh ina leith seo. Samhlaím go bhfaighfear suíomh i nDún Búinne gan mhoill agus táim buíoch as an obair den scoth atá á déanamh ag Ionad Oiliúna Dhún Dealgan, Coláiste Fiaich, Institiúid Breisoideachais Dhroichead Átha agus inár scoileanna uile ar an gcéad agus an dara leibhéal.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara an Cód Rialachais nua atá curtha i bhfeidhm ag an Roinn Oideachais agus Scileanna a chabhróidh linn an eagraíocht a rialú agus a stiúradh sna blianta amach anseo agus maidir leis seo táimid ag tnúth le cur i bhfeidhm iomlán an Chóid i gcomhairle leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Martin G. O' Brien

Príomhfheidhmeannach

**S{a)**

## Ceantair agus suíomhanna geografacha

Soláthraíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí raon leathan oideachais, seirbhísí oiliúna agus tacaíochta ar fud an dá chontae. Tá liostáil iomlán de scoileanna agus seirbhísí breisoideachais agus oiliúna le fáil thíos.

### Cúlra & Faisnéis Staidrimh

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí (BOOLM) faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013. Cruthaíodh BOOLM ó chónascadh CGOnna Chontae Lú agus Co. na Mí. Rinne an tAcht um Bhreisoideachas agus Oiliúint 2013 foráil maidir le hiarfheidhmeanna oiliúna agus baill foirne FÁS a aistriú chuig na BOOanna nuabhunaithe. Mar sin, an 1 Iúil 2014, tháinig iar-ionad oiliúna FÁS i nDún Dealgan, Co. Lú, faoi rialachas BOOLM . Is é BOOLM an soláthraí oideachais cuimsitheach is mó i réigiún Lú agus na Mí le raon seirbhísí oideachais ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil agus go dtí breisoideachas agus oiliúint, chomh maith. Tá struchtúr corparáideach ag BOOLM atá comhdhéanta d'fhoireann bainistíochta sinsearaí (feidhmiúcháin) agus de bhord arna cheapadh go daonlathach.
Freastalaíonn BOOLM ar chontaetha Lú agus na Mí le daonra de thart ar 323,317 duine. Cuirtear anailís de réir contae i láthair thíos

**Daonra agus Athrú Iarbhír agus Céatadáin 2011 go 2016 ***

| | | |
|---|---|---|
| **An Lú** | Daonra | **128,375** |
| | Athrú iarbhír ó 2011 | **5,478** |
| | % athraithe ó 2011 | **4.5%** |
| **An Mhí** | Daonra | **194,942** |
| | Athrú iarbhír ó 2011 | **10,807** |
| | % athraithe ó 2011 | **5.9%** |
| **Lú & An Mhí** | Daonra | **323,317** |
| | Athrú iarbhír ó 2011 | **16,285** |
| | % athraithe ó 2011 | **5.3%** |

* *Réamhshonraí na Príomh-Oifige Staidrimh*

I measc na seirbhísí a sholáthraímid tá oideachas bunscoile, oideachas dara leibhéil, breisoideachas agus oiliúint agus seirbhísí a bhaineann leis an óige chomh maith le cláir agus seirbhísí oideachais pobalbhunaithe eile. Seachadtar na seirbhísí go léir ar leibhéal áitiúil.

Is iad sprioc-chliant BOOLM:

- Daltaí agus/nó a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí
- Foghlaimeoirí aosach
- Pobail ar fud an chontae
- Daoine óga agus saorálaithe
- Iarratasóirí agus faighteoirí deontais faoi na scéimeanna éagsúla tacaíochta mac léinn a riarann an BOO go díreach
- Eagraíochtaí deonacha, pobail agus spóirt

Bainistíonn agus oibríonn BOOLM

- 16 scoil dara leibhéil lena n-áirítear 1 scoil a sholáthraíonn PLC
- 2 Choláiste PLC
- 2 Scoil Náisiúnta Pobail
- 1 Ionad Oiliúna
- 1 Ionad Scolaíochta na hEorpa
- 9 nIonad Ógtheagmhála
- Raon d'ionaid bhreisoideachais agus oiliúna a sholáthraíonn cláir oideachais agus oiliúna

Tá BOOLM ina phátrún ar 6 Scoil Phobail Dara Leibhéil ag: Baile Átha Fhirdhia, Ceanannas, Baile Átha Troim, Baile Átha Buí, Cill Dhéagláin, agus Coláiste Bhaile Mhic Éinigh, Droichead Átha.

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí (BOOLM) tiomanta do shármhaitheas agus nuálaíocht san oideachas do dhaoine óga agus d'aosaigh trí sheirbhísí dinimiciúla a sholáthraíonn foireann ghairmiúil a sholáthar. Táimid bródúil as freastal ar phobail chontaetha Lú agus na Mí, agus as oibriú lenár gcomhpháirtithe oideachais agus cur le forbairt agus fás réigiún Lú / na Mí. Tá sé mar aidhm ag BOOLM a bheith ar an bpríomhsholáthraí ar oideachas agus seirbhísí ar ardchaighdeán do mhuintir chontaetha Lú agus na Mí trí raon éagsúil clár inrochtana, forásach agus sofhreagrach a bhainistiú agus a sheachadadh .


## Ráiteas Seirbhísí - Breisoideachas & Oiliúint lena n-áirítear Seirbhísí Óige

| **Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna**<br>**Ionad Scileanna agus Oiliúna Réigiúnach Dún Dealgan**<br>**Institiúid Breisoideachais Dhroichead Átha**<br>**Coláiste Breisoideachais Dhún Búinne** | | | |
|---|---|---|---|
| **SDOG** | Droichead Átha | Dún Dealgan | An Uaimh |
| **Seirbhísí Foghlama d'Aosaigh**<br><br>**Seirbhís earcaíochta agus faisnéise do Threoir d'Aosaigh.**<br><br>**Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas**<br><br>**Oideachas Pobail** | Droichead Átha | Dún Dealgan | An Uaimh |
| | Baile Átha Troim | Ceanannas | An Seanchaisleán |
| | Maigh Muirí | An Inse/ Baile an Bhiataigh | Dún Seachlainn |
| | Dún Búinne | Baile Átha Buí | Cill Dhéagláin |
| **Soláthar Cúrsa Tráthnóna** | 9 n-ionad i Lú agus sa Mhí | | |
| | | | |
| **Dearbhú Cáilíochta** | Gach ionad a bhfuil cláir deimhnithe i bhfeidhm acu | | |
| | | | |
| **Music Generation** | An Lú | | |
| | | | |
| **Seirbhísí Óige** | An Lú | An Mhí | |
| | | | |
| **Tionscadal AE** | An Mhí | | |
| **Clár Síochána IV** | An Lú | | |

| **Ionaid Ógtheagmhála** | |
|---|---|
| Droichead Átha | Dún Dealgan |
| Campas Ógtheagmhála An Uaimh (2) | Ceanannas |
| Baile Átha Troim | An Inse/ Baile an Bhiataigh |
| Cill Dhéagláin | Baile Átha Fhirdhia |

## Ráiteas Seirbhísí - Seirbhísí Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta

I mBord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí tá na seirbhísí seo lonnaithe sa Stiúrthóireacht Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta. Rinneadh athstruchtúrú ar an stiúrthóireacht seo in 2017 d'fhonn idirghníomhaíocht níos éifeachtaí a chur chun cinn leis na seirbhísí líne tosaigh a dtacaíonn an Stiúrthóireacht leo, d'fhonn suíomh aonair a bhaint amach do gach feidhm faoin stiúrthóireacht agus d'fhonn na seirbhísí sin is fearr a oireann le chéile faoi gach colún den stiúrthóireacht. Tá léaráid a thaispeánann an struchtúr ag ardleibhéal le fáil thíos. Is iad aidhmeanna na Stiúrthóireachta na próisis agus na nósanna imeachta sin atá mar bhonn agus taca le dea-rialachas corparáideach i BOOLM a fheabhsú agus a chinntiú go n-úsáidtear acmhainní daonna, airgeadais agus bonneagair atá oiriúnach do sholáthar seirbhísí líne tosaigh ar fud na heagraíochta.




Déantar foráil sa phlean do chaiteachas de U0million i scoileanna. Is measc na bpríomhthionscadail tá an tógáil de scoil nua do 550 dalta do Choláiste O'Carolan, An Obair, foirgneamh nua Ceanncheathrún riaracháin i nDroichead Átha, Co. Lú, críochnú na síntí i gColáiste Ráth Tó de €3.5m agus Scoil Uí Mhuirí, Dún Léire€3.3m. Tá gá le cóiríocht shealadach in Iarbhunscoil na Sceiche, Co. Lú, Coláiste de Lacy, Cill Dhéagláin, Ógtheagmháil na hInse agus Coláiste Pobail Dhún Seachlainn. Chomh maith leis sin, in 2019, cuirfear tús le haonad ASD nua do Coláiste Pheadair, Dún Búinne €2.0m, agus aonad ASD 3 seomra ranga nua do S.N. Mhuire An Bóthar Buí €1.4m (ní scoil BOOLM í seo ach tá BOOLM ag bainistiú an tionscadail thar ceann na Roinne Oideachais & Scileanna) .

Tá BOOLM ag cur isteach iarratais ar mhaoiniú caipitil de €56.5 milliún le haghaidh breisoideachais agus oiliúna. Áirítear leis seo €42m chun Ionad Breisoideachais nua a thógáil do Choláiste Breisoideachais Dún Búinne, lena n-áirítear suíomh oiriúnach a fháil. Beidh iarmhairt ag méadú a bhfuiltear ag súil go mór le ar áiteanna leithdháilte PLC ó thaobh infheistíochta leanúnaí suntasaí de i ngach ionad breisoideachais. Áirítear freisin san iarraidh go bhfuil an gá atá le hinfheistíocht chaipitil phráinneach chriticiúil i go leor Lárionaid Breisoideachais agus Oiliúna.

## RÁITEAS SEIRBHÍSÍ - SCOILEANNA

**Déanann BOOLM na scoileanna seo a leanas a bhainistiú agus a fheidhmiú:**

| | PRÍOMHOIDE | SEOLADH R-PHOIST | UIMHIR ROLLA NA SCOILE |
|---|---|---|---|
| Coláiste Beaufort<br>An Uaimh | Angela Crowcock | beaufortco llege @ l metb . ie | 720101 |
| Iarbhunscoil na Sceiche<br>Dún Dealgan | Kevin Joyce | lmetb.ie | 717S0U |
| Ionad Scolaíochta na hEorpa<br>Dún Seachlainn | Nollaig Gavin | ces@lmetb.ie | 17930Q |
| Colaiste De Lacy<br>Cill Dhéagláin | Janice Corrigan | colaistedelacy@lmetb.ie | 76196W |
| Colaiste Lú/Colaiste Chú Chulainn<br>Dún Dealgan | Thomas Sharkey | colaistecc@lmetb.ie | 7619SU |
| Coláiste na hInse<br>An Inse | Anne Marie Mccarrick | colaistenahinse . CNI @ lmetb . ie | 76103M |
| oláiste Na Mí<br>An Uaimh | Paddy Carr | colaistenami@lrr.qtb .ie | 76173K |
| Colaiste Pobail<br>Ráth Chairn | Macdara O'Duillearga | lmetb .ie | 719911 |
| Coláiste Pobail Dún Seachlainn<br>Dún Seachlainn | Shane Foley | dunshaughlincc@lmetb.ie | 71960! |
| Coláiste O'Carolan<br>An Obair | Cathal Rogers | ocarolancollege@lmetb.ie | 719800 |
| Coláiste O'Fiaich<br>Dún Dealgan | Padraig McGovern | ofi@lmetb .ie | 71770D |
| Coláiste Ráth Tó<br>Ráth Tó | Oonagh Prendergast | ratoath college@lmetb .ie | 760881 |
| Scoil Uí Mhuirí<br>Dún Léire | Eilis Flood | sc oi l ysgoluiri @ lmetb . i e | 71780G |
| Colaiste Clavin<br>Maigh Dearmhaí | Margaret Deegan | colaisteclavi n@LMETB.ie | 71970L |
| Coláiste Pobail Oliféir Naofa<br>Droichead Átha | John Halpin | soc c@lmetb .ie | 71761C |
| Coláiste Naomh Peadar<br>Dún Búinne | Deirdre Maye | stpeterscollege@lmetb.ie | 719S0F |
| IarbhunscoilOiliféir Naofa<br>An Seanchaisleán | Brendan Corcoran . | stoliver.iost rimary@lmetb .ie | 71990R |
| Scoil Náisiúnta Pobail Ard Rí<br>An Uaimh | Darragh Roe | ardricns @ lmetb . ie | 20352T |
| Scoil Náisiúnta Pobail Fhocairde<br>Fochaird | Jacqui Mccusker | faughart cns@lmetb .ie | 18391R |

## BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA LÚ AGUS NA MÍ

**Fáltais agus Íocaíochtaí**

| | Teistiméireacht Leathanach | Réamh-mheasta Bliain dar críoch 31/12/2019 € | Iarbhír (Dréacht) Bliain dar críoch 31/12/2018 € |
|---|---|---|---|
| **FÁLTAIS** | | | |
| Scoileanna agus Ceannoifigí | | 77,381,908 | 73,422,647 |
| Scoileanna Náisiúnta Pobail | | 155,344 | 86,470 |
| Breisoideachas agus Oiliúint | | 83,206,942 | 31,570,000 |
| Deontais Sheirbhísí Óige | | 648,094 | 503,190 |
| Gníomhaireachtaí agus Tionscadail Féinmhaoinithe | | 5,560,000 | 6,414,303 |
| Caipiteal - Scoileanna agus Ceannoifigí | | 10,533,920 | 12,739,001 |
| | | **177,486,208** | **124,735,611** |
| **ÍOCAÍOCHTAÍ** | | | |
| Scoileanna agus Ceannoifig | **12** | 77,381,908 | 72,658,121 |
| Scoileanna Náisiúnta Pobail | | 155,344 | 147,947 |
| Breisoideachas agus Oiliúint | **13** | 83,206,942 | 31,570,000 |
| Seirbhísí Óige | | 648,094 | 663,795 |
| Gníomhaireachtaí agus Tionscadail Féinmhaoinithe | | 5,560,000 | 7,859,683 |
| Caipiteal - Scoileanna agus Ceannoifigí | | 10,533,920 | 12,121,883 |
| | | **177,486,208** | **125,021,429** |
| **Barrachas Airgid Thirim** / ( **Easnamh) don Tréimhse** | | 0 | (285,818) |

**Nóta:** Tá figiúirí 2018 faoi réir a thabhairt chun críche agus a iniúchta

## BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA LÚ AGUS NA MÍ

### Scoileanna agus Ceannoifigí

| | Réamh-mheasta Bliain dar críoch 31/12/2019 | Iarbhír (Dréacht) Bliain dar críoch 31/12/2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **PÁ** | | |
| Teagasc | 65,415,732 | 62,100,840 |
| Riarachán | 3,528,836 | 2,895,360 |
| Cothabháil | 1,454,727 | 1,355,373 |
| | **70,399,295** | **66,351,573** |
| **NEAMH-PHÁ** | | |
| Riarachán | 1,892,389 | 1,958,284 |
| Cothabháil | 1,725,206 | 1,806,364 |
| Teagasc | 757,096 | 792,712 |
| | **4,374,691** | **4,557,360** |
| **CLÁIR BHAINTEACHA** | | |
| Tacaíocht Seirbhísí Scoile | 1,249,038 | 1,398,055 |
| SSSF - PLC | 188,366 | 102,444 |
| Maoiniú ROS | 225,417 | 142,757 |
| Deontas Ranga Speisialta | 16,500 | 16,258 |
| Clár na hIdirbhliana | 92,625 | 66,012 |
| An Ardteistiméireacht Fheidhmeach | 46,961 | 41,911 |
| Scéim um Chúntóir Teanga | 15,000 | 14,850 |
| Deontas Caipitíochta do Daltaí den Lucht Siúil | 14,472 | 11,562 |
| Deontas Leabhar | 322,098 | 260,336 |
| Deontas Fisice/Ceimice | 17,134 | 9,864 |
| Clár Scoileanna an Teastais Shóisearaigh | 13,560 | 19,375 |
| Grafaicí Deartha agus Cumarsáide | 12,768 | 9,396 |
| Deontas Leabharlainne | 19,468 | 8,973 |
| Cíos Ard Ri | 33,750 | 33,750 |
| Coimhdeacht Iompair | 38,600 | 38,525 |
| Taisteal Gairme Inmheánaí | 2,389 | 6,508 |
| Straitéis TFC Digiteach | 263,931 | 289,044 |
| Deontas Riaracháin JCPA | | 852 |
| Deontas Tástála Caighdeánaithe | 1,137 | 966 |
| Ardteistiméireacht Corpoideachas | 9,200 | |
| Ardteistiméireacht Eolaíocht Ríomhaireachta | 3,000 | |
| Maoiniú Oideachais Gaeltachta | 22,508 | 508 |
| | **2,607,922** | **2,471,945** |
| **IOMLÁN** | **77,381,908** | **73,380,879** |

## BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA LÚ AGUS NA MÍ

| ÍOCAÍOCHTAÍ BREISOIDEACHAIS AGUS OILIÚNA | Réamh-mheasta Bliain dar Críoch 31/12/2019 Iomlán | Bliain dar Críoch 31/12/2019 Pá | Bliain dar Críoch 31/12/2019 Neamh-Phá | Bliain dar Críoch 31/12/2019 Liúntais | Iarbhír (Dréacht) Bliain dar Críoch 31/12/2018 Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| **BREISOIDEACHAS** | C | C | C | C | **C** |
| SDOG | 2,014,441 | 921,187 | 233,254 | 860,000 | 1,959,642 |
| Ógtheagmháil | 4,463,097 | 3,115,091 | 687,181 | 660,825 | 4,421,583 |
| **Riachtanais Oideachais Speisialta** | 68,924 | 17,168 | 51,756 | | 74,178 |
| Litearthacht d'Aosaigh | 1,388,654 | 802,271 | 586,383 | | 1,126,334 |
| Litearthacht Teaghlaigh ROS | 45,258 | 40,258 | 5,000 | | 36,052 |
| **Dian-theagasc** | 140,872 | 135,872 | 5,000 | | 125,045 |
| BCTE | 341,421 | 301,421 | 40,000 | | 221,065 |
| Scileanna don Obair | 133,084 | 113,084 | 20,000 | | **33,883** |
| **Cláir do Dhídeanaithe** | 227,383 | 215,383 | 12,000 | | 118,574 |
| **Tionscnamh um Fhilleadh ar Oideachas** | 1,360,224 | 915,879 | 444,345 | | 1,079,921 |
| **Treoir um Oideachas Aosach** | | | | | 312,426 |
| **Oideachas Pobail** | 508,043 | 299,595 | 208,448 | | 416,570 |
| Cíos PLC | 613,701 | | 613,701 | | 264,477 |
| Caipitíocht Fheabhsaithe PLC | 531,248 | 200,000 | 331,248 | | 284,184 |
| Neamhphá PLC | 0 | | | | 0 |
| Seirbhísí Treoirchomhairleoireachta & Síceolaíochta | 78,578 | | 78,578 | | 69,375 |
| Measúnú FETAC Ceaptha go hÁitiúil | 221,625 | 221,625 | | | 220,210 |
| Creat Cáilíochta | 0 | | | | 6,064 |
| Fíordheimhniú FETAC | 0 | | | | 40,148 |
| **Forbairt Ghairmiúil Leanúnach** | 0 | | | | |
| **Tionscadail Nuálacha** | 251,066 | 141,066 | 110,000 | | 108,512 |
| Soláthar Tacaíochta Ard-Mhíbhuntáiste | 150,646 | 100,646 | 50,000 | | |
| **Costais oibriúcháin eile (Deisiú agus Cothabháil}** | 0 | | | | 417,478 |
| **Breisoideachas Iomlán** | **12,538,265** | **7,540,546** | **3,476,894** | **1,520,825** | **11,335,721** |
| | | | | | |
| **OILIÚINT** | | | | | |
| Soláthraithe Sainoiliúna (STP) | 2,163,518 | | 2,163,518 | | 1,909,559 |
| **Tionscnamh Oiliúna Áitiúil** | 1,880,616 | | 1,880,616 | | 1,704,580 |
| Oiliúint Scileanna & Nasc-Chúrsaí | 0 | | | | 3,085 |
| **Ionaid Oiliúna Pobail** | 1,003,255 | | 1,003,255 | | 983,583 |
| **Cúrsaí oiliúna** | 1,852,413 | | 1,852,413 | | 783,039 |
| Printíseacht | 5,414,087 | 5,014,367 | 399,720 | | 4,986,971 |
| **Cúrsaí Tráthnóna** | 235,000 | 178,475 | 56,525 | | 183,651 |
| Oiliúint Scileanna | 1,652,153 | | 1,652,153 | | 2,148,724 |
| Scileanna chun Dul Chun Cinn | 402,837 | 50,225 | 352,612 | | |
| **OILIÚINT IOMLÁN** | **14,603,879** | **5,243,067** | **9,360,812** | | **12,703,192** |
| | | | | | |
| **TACAÍOCHTAÍ CLÁIR** | | | | | |
| **Tacaíochtaí Cláir** | 761,938 | 641,938 | 120,000 | | |
| **Iomlán na dTacaíochtaí Cláir** | **761,938** | **641,938** | **120,000** | | |
| | | | | | |
| **Costais Oibriúcháin** | | | | | |
| Costais Phárolla Foirne BOO | 3,270,543 | 3,270,543 | | | 2,902,661 |
| Taisteal agus Cothú BOO | | | | | 48,492 |
| **Costais Oibriúcháin** | 1,375,375 | | 1,375,375 | | 813,961 |
| **Costais Oibriúcháin Iomlána** | **4,645,918** | **3,270,543** | **1,375,375** | **0** | **3,765,114** |
| | | | | | |
| IOMLÁN **BREISOIDEACHAIS AGUS OILIÚNA** | **32,550,000** | **16,696,094** | **14,333,081** | **1,520,825** | **27,804,027** |
| | | | | | |
| **CAIPITEAL** | **50,656,942** | 0 | *50,656,942* | 0 | 59,255 |
| | | | | | |
| **IOMLÁN BREISOIDEACHAIS AGUS OILIÚNA** | **83,206,942** | **16,696,094** | **64,990,023** | **1,520,825** | **_n.lli,282** |

## BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA LÚ AGUS NA MÍ

| ÍOCAÍOCHTAÍ SEIRBHÍSÍ ÓIGE | Réamh-mheasta Deireadh na Bliana | Bliain dar Críoch | Bliain dar Críoch | Iarbhír (Dréacht) Bliain dar Críoch | Bliain dar Críoch | Bliain dar Críoch | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 31/12/2019 | 31/12/2019 | 31/12/2019 | 31/12/2018 | 31/12/2018 | 31 /12/2018 | % Méadú/ (laghdú) |
| | Iomlán | Pá | Neamh-Phá | Iomlá n | Pá | Neamh-Phá | |
| | € | € | € | C | { | C | |
| Obair Óige (1). | 163,944 | 153,316 | 10,627 | 179,645 | 169,018 | 10,627 | (9%) |
| Deontais Chlub Óige Áitiúil | 119,944 | | 119,944 | 119,944 | 0 | 119,944 | 0% |
| VFMPR Droichead Átha Reatha | 100,920 | 0 | 100,920 | 100,920 | 0 | 100,920 | 0% |
| YPFSF - Reatha | 74,669 | 0 | 74,669 | 74,669 | 0 | 74,669 | 0% |
| Deontas Caipitil Óige | 44,630 | | 44,630 | 44,630 | | 44,630 | |
| Tionscnaimh LGBTl + | 7,000 | | 7,000 | 7,000 | | 7,000 | |
| Creat Náisiúnta um Chaighdeáin Cháilíochta | 2,773 | | 2,773 | 2,773 | | 2,773 | |
| Deontas Trealaimh Chlub Óige Áitiúil | 130,365 | 0 | 130,365 | 130,365 | 0 | 130,365 | 0% |
| Deontas Cúnaimh Theicniúil Áitiúil don Aos Óg | 3,850 | 0 | 3,850 | 3,850 | 0 | 3,850 | 0% |
| **Iomlán** | **648,094** | **153,316** | **494,777** | **663,795** | **169,018** | **494,777** | **(2%)** |